

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch

31 Nollaig 2016

CLÁR

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na Ráitis Airgeadais	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	4
Ráiteas ar Chúraimí an Choimisinéara Teanga	5
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016	6
Ráiteas ar Staid Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016	7
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016	8
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	9



Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas ioncam agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe, ráiteas ar staid airgeadais, ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoin Dara Sceideal den Acht agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Freagrachtaí an Choimisinéara

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairiscí a dhéanamh orthu de réir dlí infheidhme.

Tugadh faoi m'iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird Chleachtas Iniúchta ag an am céanna.

Scóp iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtáí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírátis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta ábhartha d'imthosca Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad;
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Lorgaim fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2016; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh go héasca ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair lena dtuairiscím trí éisceacht

Tuairiscím trí éisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcíoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdarais a dhéanann rialú orthu, nó
- nuair nach léiríonn an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla don Chód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- má tá nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairiscíú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a tuairiscíú trí éisceacht.

Seamus Mac Cárthaigh

Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
14 Nollaig 2017

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Oifig bheag in aonad amháin is ea Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá ochtar ball foirne ceadaithe don Oifig, ar a n-áirítear an Coimisinéir Teanga agus seachtar státseirbhíseach. Is ormsa, mar Choimisinéir Teanga, a thiteann an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach in áit agus á chur i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras sin ach cinnteacht réasúnta, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go bhfuil bearta údaraithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go bhfuil bac ar bhotúin thábhachtacha nó mírialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi deara iad in am cuí.

Is í an tSeirbhís Chomhroinnte Phárolla (PSSC) a dhéanann an riarachán ar phárolla na hOifige agus táim ag braith ar litir urrúis ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte a dhearbhaíonn go bhfuil córais rialúcháin chuí á leanúint i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.


Tá bearta curtha i gcrích agam féin agus ag foireann na hOifige le cinntiú go bhfuil córas éifeachtach i bhfeidhm, trí chóras um rialú inmheánach a chruthú agus é bunaithe ar eolas a chur ar fáil don lucht bainistíochta, modhanna riaracháin a fhorbairt, ar a n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta.

San áireamh anseo tá:

- Meastacháin bhliantúla agus ráithiúla ina leagtar síos an soláthar atá de dhíth don tréimhse ina dhiaidh sin.
- Tuairisciú rialta chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear tuairiscí ar chaiteachas nuair a lorgaítear aistriú cistí chuig ár gcuntas reatha bainc. Déantar comparáid idir an caiteachas measta agus an caiteachas iarbhír.

Tá cuntasóir cáilithe ag cur seirbhís iniúchta inmheánaigh ar fáil ar bhonn conartha. Rinneadh iniúchadh inmheánach le linn na bliana 2016. Bhí Coiste Iniúchta ag feidhmiú chomh maith, ar a raibh ionadaí de chuid na hOifige, mar aon le beirt bhall sheachtracha.

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú ar chóras na hOifige um rialú inmheánach airgeadais le linn na bliana 2016.



Rónán Ó Domhnaill
An Coimisinéir Teanga

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Ráiteas ar Chúraimí an Choimisinéara Teanga


Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.


Faoi mhír 8(1) den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé nó sí, agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire.

Agus na ráitis airgeadais sin a n-ullmhú aige nó aici, ní mór don Choimisinéir Teanga:

- Polasaithe cuí cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé neamhoiriúnach é sin a dhéanamh;
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá freagracht ar an gCoimisinéir Teanga taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, ar taifid iad a chuireann in iúl le cruinneas réasúnach staid airgeadais na hOifige. Tá freagracht ar an gCoimisinéir Teanga chomh maith na sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a chur i gcrích le mírialtachtaí agus calaois a chosc agus a bhrath.


Rónán Ó Domhnaill
An Coimisinéir Teanga


Dáta

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE


Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016	2015
		€	€
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	2	638,784	669,048
Ioncam Eile	7	14,931	33,826
Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil	4	<u>(6,531)</u>	<u>(1,036)</u>
		647,184	701,838
Caiteachas			
Tuarastal agus liúntais	5	441,061	480,072
Costais taistil		21,548	27,653
Dímheas	3	9,840	9,782
Stáiseanóireacht		11,020	5,683
Postas & guthán		7,455	7,864
Cíos, cothabháil ríomhairí agus oifige	6	85,237	88,202
Táillí proifisúnta & dlí		3,260	12,779
Táille iniúchóireachta		4,000	2,500
Táillí cuntasáíochta		3,525	4,529
Fógraíocht		3,281	4,532
Foilseacháin, imeachtaí & poiblíocht		56,778	16,846
Ilghnéitheach		<u>9,907</u>	<u>16,295</u>
		656,912	676,737
Farasbarr / (Easnamh) don bhliain		(9,728)	25,101
Fuilleach tugtha ar aghaidh ag an 1 Eanáir		48,234	23,133
Fuilleach curtha ar aghaidh ag an 31 Nollaig		<u>38,506</u>	<u>48,234</u>

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an 31 Nollaig 2016. Áirítear gach gnóthachan agus cailleanas don bhliain sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-7

An Coimisinéir Teanga:


Rónán Ó Domhnaill

Dáta:

27/11/17

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla


RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016	2015
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Maoin, fearas agus trealamh	3	26,817	20,286
Sócmhainní Reatha			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		10,527	10,468
Féichiúnaithe		33,826	33,826
Réamhíocaíochtaí		<u>7,003</u>	<u>16,041</u>
		51,356	60,335
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Fabhruithe		(12,530)	(8,976)
Ioncam iarchurtha		0	(2,000)
Creidiúnaithe		<u>(320)</u>	<u>(1,125)</u>
		(12,850)	(12,101)
Glansócmhainní Reatha		38,506	48,234
Iomlán Sócmhainní		<u>65,323</u>	<u>68,520</u>
Léirithe ag			
Cuntas Caipitil	4	26,817	20,286
Cúlchistí ioncaim coinnithe		<u>38,506</u>	<u>48,234</u>
		<u>65,323</u>	<u>68,520</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-7

An Coimisinéir Teanga:


Rónán Ó Domhnaill

Dáta:

27/11/17

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	2016	2015
	€	€
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Farasbarr ioncaim thar caiteachas	(9,728)	25,101
Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil	6,531	1,036
Dímheas	9,840	9,782
(Méadú) / laghdú ar réamhíocaíochtaí	9,038	6,935
(Méadú) / laghdú ar fhéichiúnaithe	0	(33,826)
Méadú / (laghdú) ar chreidiúnaithe	(805)	(2,970)
Méadú / (laghdú) ar ioncam iarchurtha	(2,000)	2,000
Méadú / (laghdú) ar fhabhruithe	<u>3,554</u>	<u>4,597</u>
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>16,430</u>	<u>12,655</u>
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Maoin, fearas agus trealamh a ceannaíodh	<u>(16,371)</u>	<u>(10,817)</u>
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	<u>(16,371)</u>	<u>(10,817)</u>
Glanmhéadú/(laghdú) ar Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid Thirim	<u>59</u>	<u>1,838</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir	<u>10,468</u>	<u>8,630</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig	<u>10,527</u>	<u>10,468</u>

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na príomh-pholasaithe chuntasaíochta atá curtha i bhfeidhm ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla sonraithe thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana seo agus le linn na bliana seo caite.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus tá a príomhoifig lonnaithe ar an Spidéal, Gaillimh. Ceapadh Rónán Ó Domhnaill mar an dara Coimisinéir Teanga ar an 12 Márta 2014 i gcomharbacht ar Sheán Ó Cuirreáin a d'éirigh as a chuid cúraim ar an 23 Feabhra 2014.

Tá feidhmeanna an Choimisinéara Teanga leagtha amach in alt 21 den Acht, ina measc:

- faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta
- imscrúduithe a dhéanamh maidir le haon mhainneachtain ag comhlacht poiblí forálacha an Achta a chomhlíonadh
- comhairle a sholáthar don phobal maidir lena gcearta faoin Acht
- comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht
- imscrúduithe a dhéanamh chun a fháil amach an amhlaidh nach bhfuil aon fhoráil d'aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le hábhair a mheastar a bheith ábhartha do ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

d) Ioncam

Deontas ón Oireachtas

Is gnách go n-áirítear ioncam ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin air seo is ea Deontais ón Oireachtas a áirítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

Ioncam Eile

Áirítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

e) Féichiúnaithe

Aithnítear féichiúnaithe ag an luach cóir lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh ar chumas Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla na suimeanna ar fad atá dlite di a bhailiú. Aithnítear na gluaiseachtaí sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

f) Creidiúnaithe

Rangaítear creidiúnaithe mar chinn reatha más ann go bhfuil siad infíoctha laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, rangaítear iad mar chreidiúnaithe neamhreatha.

g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa atá déanta faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i gcaitheamh shaolré iomlán an léasa. Aithnítear costas de réir méid chothroim i gcaitheamh thréimhse iomlán an léasa ach amháin má bhíonn arduithe cíosa ceangailte leis an ráta tuartha boillsithe, agus sa chás sin aithnítear arduithe faoi mar a thabhaítear iad. Aon dreasachtaí léasa a fhaightear, aithnítear iad i gcaitheamh shaolré iomlán an léasa.

h) Maoin, Fearas agus Trealamh

Déantar maoin, fearas agus trealamh a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagú. Déantar dímheas ar gach maoin, fearas agus trealamh de réir rátaí a ríomhtar chun a gcostas bunaidh a dhíscríobh ar bhonn líne díri thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas:

- | | | |
|------|--------------------------------|-----|
| (i) | Troscán, Fearais agus Feistis | 10% |
| (ii) | Ríomhairí agus Trealamh Oifige | 20% |

Is ionann luach iarmharach agus an luach a mheastar a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt na sócmhainne, lúide aon chostais diúscairthe mheasta, amhail go mbeadh an tsócmhainn cheana féin in aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis i ndeireadh a saolré ionchasaí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, áirítear cailiteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain.

i) Pinsin

Tá an Coimisinéir Teanga reatha ina bhall den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Íoctar na ranníocaíochtaí pinsin ábhartha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is státseirbhísiúg iad comhaltaí foirne Oifige an Choimisinéara Teanga. Is í an Roinn atá i mbun riarachán ar a bpárolla agus is ar an Roinn atá an dliteanas maidir lena bpinsin.

Bunaíodh scéim sochair shainithe don chéad Choimisinéir Teanga sa bhliain 2009 i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Is faoin Roinn atá sé dliteanais faoin scéim a íoc.

j) Breithiúnais Shuntasacha Chuntasaíochta agus Meastacháin

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhair a bheith éagsúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha fearas agus feisteas agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Soláthairtí

Déanann Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla soláthar d'oibleagáidí dlí agus inchiallaithe is eol dó a bheith gan íoc ag dáta deireadh na tréimhse. Go ginearálta bíonn na soláthairtí seo bunaithe ar eolas stairiúil nó ábhartha eile, agus é sin leasaithe chun treochtaí reatha a thabhairt san áireamh nuair is cuí sin. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais a bhaineann le heachtraí nach gá go dtarlóidís go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de thoradh neamh-chinnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an méid a bhí measta.

2. Deontas ón Oireachtas

Chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an maoiniú seo a leanas ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla sa tréimhse atá i gceist

	2016	2015
	€	€
Deontas d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla	178,000	166,500
Íocaíochtaí a rinneadh thar ceann Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla	<u>460,784</u>	<u>502,548</u>
	638,784	669,048

3. Sócmhainní Seasta

2016	Fearas & Feistis	Trealamh Oifige & Ríomhairí	Iomlán
	€	€	€
Costas			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2016	158,560	113,681	272,241
Breiseanna i rith 2016	0	16,371	16,371
Diúscairtí i rith 2016	<u>0</u>	<u>(24,453)</u>	<u>(24,453)</u>
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2016	158,560	105,599	264,159
Dímheas			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2016	153,818	98,137	251,955
Muirear 2016	4,452	5,388	9,840
Diúscairtí i rith 2016	<u>0</u>	<u>(24,453)</u>	<u>(24,453)</u>
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2016	158,270	79,072	237,342
Glanluach leabhar			
Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2016	<u>290</u>	<u>26,527</u>	<u>26,817</u>
Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2015	<u>4,742</u>	<u>15,544</u>	<u>20,286</u>

2015	Trealamh Fearas & Feistis €	Oifige & Ríomhairí €	Iomlán €
Costas			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2015	158,560	115,333	273,893
Breiseanna i rith 2015	0	10,818	10,818
Diúscairtí i rith 2015	0	(12,470)	(12,470)
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2015	158,560	113,681	272,241
Dímheas			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2015	149,366	105,277	254,643
Muirear 2015	4,452	5,330	9,782
Diúscairtí i rith 2015	0	(12,470)	(12,470)
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2015	153,818	98,137	251,955
Glanluach leabhar			
Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2015	<u>4,742</u>	<u>15,544</u>	<u>20,286</u>
Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2014	<u>9,194</u>	<u>10,056</u>	<u>19,250</u>

4. Cuntas Caipitil

	2016 €	2015 €
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistí a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach	16,371	10,818
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(9,840)	(9,782)
	6,531	1,036
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	20,286	19,250
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	26,817	20,286

5. Tuarastal agus Liúntais

Tá na costais phárolla comhdhéanta de:

	2016 €	2015 €
Tuarastal an Choimisinéara	115,177	119,607
Tuarastal na foirne	293,459	322,743
ÁSPC an fhostóra	30,781	33,941
Muirear pá saoire	<u>1,644</u>	<u>3,781</u>
	441,061	480,072

Bunaíodh scéim sochair shainithe don chéad Choimisinéir Teanga. Ní dheachaigh na teidlíochtaí faoin scéim sin thar na teidlíochtaí caighdeánacha a bhaineann leis an scéim aoisliúntais le sochar sainithe de chuid na seirbhíse poiblí. Tá an Coimisinéir Teanga reatha ina bhall den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá sé deimhnithe ag an Roinn go sásófar aon dliteanas pinsin faoin scéim, i leith an Choimisinéara, ó chistí a chuirfear ar fáil ón Oireachtas. Níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo do dhliteanas den chineál sin mar go bhfuiltear den tuairim nach bhfuil aon dliteanas a d'eascródh ábhartha. Áireofar aon dliteanas ón mbliain 2017 ar aghaidh.

Baineadh suim €25,043 (2015 - €31,553) den fhoireann tríd an tobhach pinsin agus íocadh é sin leis an Státchiste.

(b) Miondealú ar Shochair na bhFostaithe

Raon sochair iomlána na bhfostaithe		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go dtí	2016	2015
€60,000	- €69,999	-	1
€70,000	- €79,999	1	1
€80,000	- €89,999	1	1
€90,000	- €99,999	-	-
€100,000	- €109,999	-	-
€110,000	- €119,999	1	1

6. Cíos, cothabháil ríomhairí agus oifige

Ceangaltais Léasa

Tá Oifig an Choimisinéara Teanga suite ar an Spidéal in oifigí atá curtha ar fáil ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ar chostas bliantúil cíosa €48,019. I gcaitheamh na bliana d'íoc Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla €28,428 le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le costas cíosa nár gearradh mar chuid den chéad léas idir an tiarna talún agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Aontaíodh léas nua idir an tiarna talún agus an Roinn don tréimhse ón 2 Meitheamh 2014 go dtí an 1 Márta 2024. Tá an foirgneamh seo curtha ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ar an gcostas iomlán cíosa.

Ar an 31 Nollaig 2016 bhí na ceangaltais seo a leanas ar Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i leith an léasa seo:

	€
Iníochta laistigh de bhliain	48,019
Iníochta laistigh de thréimhse idir dhá agus cúig bliana	192,076
Iníochta tar éis cúig bliana	<u>104,041</u>
	<u>344,136</u>

7. Ioncam Eile

I rith na bliana 2016 d'eagraigh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla comhdháil idirnáisiúnta ar chearta teanga ar a fhreastal Coimisinéirí Teanga ó thíortha éagsúla. Fuair an chomhdháil aitheantas faoi chlár an Teanga Bheo, Clár Comórtha an Chéid, 1916-2016. Chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú de €9,000 ar fáil faoin gelár sin. D'íoc baill Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga táillí de €5,931 don chomhdháil.